# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# Gairmchlár na hArdteistiméireachta

## Scrúdú na Nascmhodúl, 2014

## Dé Céadaoin 7 Bealtaine 2014, 10.00 – 12.30

| Scrúduimhir |
| --- |
| |

**TREORACHA d'IARRTHÓIRÍ**

**Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca**. ☞

Scríobh na freagraí go léir sa Fhreagarleabhar seo.

Tá **trí** Roinn sa Scrúdú seo.

**Roinn A – Closamharc**
Tá **ocht** gceist ann.
Ní mór gach ceist a fhreagairt. **(30 marc)**

**Roinn B – Cás-Staidéar**
Tá **trí** cheist ann.
Ní mór gach ceist a fhreagairt. **(30 marc)**

**Roinn C – Ceisteanna Ginearálta**
Tá **sé** cheist ann.
Ní mór **ceithre** cheist a fhreagairt. **(100 marc)**

| **Roinn A** | **Closamharc** | **30 marc** |
|---|---|---|

- Beidh **trí** nóiméad agat chun na ceisteanna i Roinn A a léamh.
- Feicfidh tú DVD ar an téama ‘fiontraíocht shóisialta’.
- Feicfidh tú an DVD **trí** huaire.
  - Feicfidh tú ó thús deireadh ar dtús é.
  - Taispeánfar ansin ina **thrí** chuid é. I ndiaidh gach cuid a thaispeáint, tabharfar am duit chun do chuid freagraí a scríobh sa rannóg chuí den fhreagarleabhar.
  - Feicfidh tú an DVD iomlán ó thús deireadh arís ansin.

**Is féidir an leathanach seo a úsáid le haghaidh nótaí nó le cur le freagraí**.

| Roinn A | Closamharc | 30 marc | Don Oifig Amháin | |
|---|---|---|---|---|
| **Freagair gach ceist**. | | | 1 | 2 |
| **Cuid 1** | | | | |
| **C.1** Cén comórtas ar chuir Aoife agus na daltaí eile atá in aon rang léi isteach air? | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | **2 mharc** | | |
| **C.2** Mínigh cén fáth ar shocraigh rang Aoife ar labhairt leis na daltaí a chuir isteach ar an gcomórtas anuraidh. | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | **2 mharc** | | |
| **C.3** Déan cur síos ar conas a d'ullmhaigh Aoife don chur i láthair. | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | **2 mharc** | | |

| **Roinn A** | **Closamharc** | **30 marc** | Don Oifig Amháin | |
|---|---|---|---|---|
| **Cuid 2** | | | 1 | 2 |
| **C.4** Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a bhfuil sé i gceist ag an rang tionscadal chomh costasach sin a chur i gcrích go sásúil. | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | **4 mharc** | | |
| **C.5** Mínigh conas is féidir leis an rang a chinntiú go meallfaidh an siopa carthanachta atá acu déagóirí agus daoine óga. | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

| **Roinn A** | **Closamharc** | **30 marc** | Don Oifig Amháin | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 1 | 2 |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | **4 mharc** | | |
| **C.6** Déan cur síos ar **dhá** scil phleanála a léirigh Aoife agus na daltaí eile atá in aon rang léi. | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | **4 mharc** | | |

| Roinn A Closamharc 30 marc | Don Oifig Amháin | |
|---|---|---|
| **Cuid 3** | 1 | 2 |
| **C**.7 Conas a chuaigh cur i láthair Aoife i bhfeidhm ar na breithiúna? | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| **6 mharc** | | |

| **Roinn A** | **Closamharc** | **30 marc** | Don Oifig Amháin | |
|---|---|---|---|---|
| **C.8** Déan cur síos ar conas is cóir don rang meastóireacht a dhéanamh ar an tionscadal. | | | 1 | 2 |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | **6 mharc** | | |

**Roinn B** **Cás-Staidéar** **30 marc**

## FÉILE SHAMHRAIDH NA COIRRE BÁINE

Baile beag in iarthuaisceart na hÉireann is ea an Chorr Bhán. 4,000 duine atá ina gcónaí ann. Tá lucht fánaíochta agus gníomhaíochta ag tarraingt ar an mbaile riamh ós rud go bhfuil sé suite ar Ghlasbhealach Mór an Iarthair. Tá Óstán agus Ionad Saoire Gailf na Coirre Báine suite sé chiliméadar ó lár an bhaile. Tá rath ar an óstán go foill d'aineoinn na géarchéime eacnamaíochta cionn is go mbíonn said ag díriú ar lucht gailf a mhealladh ón Riocht Aontaithe agus ó na Stáit Aontaithe. Cé is moite de fhothracha seanmhainistreach atá n-athchoiriú i láthair na huaire, is beag suíomh turasóireachta ann a mheallfadh cuairteoirí ó na bailte móra agus ón gcósta.

Ba é aidhm Thóstal Éireann 2013 ná pobail áitiúla a spreagadh chun imeachtaí speisialta a phleanáil le buanna móra a bpobail agus na hÉireann i gcoitinne a chur taispeáint. D'éirigh thar barr leis na himeachtaí a bhí ar siúl sa Chorr Bhán deireadh seachtaine amháin in 2013. Ar na himeachtaí éagsúla a cuireadh ar siúl an deireadh seachtaine sin mar chuid den Tóstal bhí féile agus damhsa sráide i dtraidisiún na 1940idí, féile siúlóide, turais faoi threoir ar fud an bhaile agus an cheantair, agus taispeántais de grianghraif ón gcartlann agus de grianghraif theaghlaigh. Tháinig suas le 5,000 cuairteoir go dtí Chorr Bhán d'fhéile an Tóstail agus ba mhór an sochar é sin do lucht ghnó an cheantair, idir thithe leaba is bricfeasta, an t-óstán agus an t-ionad saoire gailf, agus shiopaí, chaiféanna agus bhialanna na háite.

Beidh cruinniú ag coiste féile an bhaile chun féile na bliana seo caite a mheasanú agus chun pleanáil a dhéanamh i gcomhair na bliana 2014. Mar chuid den mheasúnú ar fhéile na bliana seo caite, rinne an coiste suirbhé ar chuairteoirí le linn mhíonna an tsamhraidh. Tithe leaba is bricfeasta an cheantair, agus Óstán agus Ionad Saoire Gailf na Coirre Báine a chabhraigh leis an suirbhé sin a dhéanamh. Taispeántar torthaí an tsuirbhé sa ghraf thall.




D'éirigh go maith le féile an Tóstail anuraidh agus tá rún daingean ag na baill de choiste féile an bhaile tógáil ar ar bhain siad amach, agus cuairteoirí nua a mhealladh chuig an áit chomh maith leis na daoine a bhí ann anuraidh a mhealladh ar ais. Deichniúr atá ar an gcoiste. Daoine díograiseacha iad, ionadaithe an phobail áitiúil, agus a c(h)uid scileanna agus taithí féin ag gach duine acu. Tá siad ag cur smaointe le chéile i láthair na huaire i gcomhair fhéile an tsamhraidh seo. Ar na moltaí atá á bplé tá féile shiúlóide a mhairfeadh ar feadh seachtaine agus imeachtaí do na siúlóiri tráthnóna, féile 'cheardbhia' ina gcuirfí táirgí bia áitiúla chun cinn, agus léiriú ginealais dar teideal 'Ar Thóir do Shinsear sa Chorr Bhán'. Ba mhaith leo suíomh gréasáin a fhorbairt don cheantar agus leas a bhaint as na meáin shóisialta. Creideann siad freisin gur chóir gnólachtaí áitiúla a spreagadh chun leas a bhaint as na deiseanna margaíochta a chuireann Fáilte Éireann ar fáil.

Is maith a thuigeann baill an choiste, ó thaithí na bliana seo caite, nach mbeadh rath ar fhéile phobail gan pleanáil a dhéanamh. Ta a lán ball den choiste den tuairim nach bhfuil siad ag baint dótháin tairbhe as suíomh na Ciorre Báine ar Ghlasbhealach Mór an Iarthair. Creideann siad freisin go mbeidh deiseanna móra ann don Chorr Bhán nuair a osclófar Slí an Atlantaigh Fhiáin. Creideann na baill sin gur chóir níos mó béime a leagan ar níos mó lucht fánaíochta agus gníomhaíochta a mhealladh chun na háite. Is ábhar coimhlinte é sin idir bhaill an choiste mar tá baill eile ann a shíleann nár chóir dóibh a n-aird a dhíriú ar aon rud ach ar fhéile shamhraidh a eagrú.

| Roinn B | Cás-Staidéar | 30 marc | Don Oifig Amháin | |
|---|---|---|---|---|
| **Freagair gach ceist**. | | | 1 | 2 |
| **C.1** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chúis a dtiocfadh cuairteoirí go dtí an Chorr Bhán. | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | **6 mharc** | | |

| Roinn B | Cás-Staidéar | 30 marc | Don Oifig Amháin | |
|---|---|---|---|---|
| **C.2**<br>(i) Mínigh cén fáth ar bheartaigh coiste na féile suirbhé a dhéanamh ar chuairteoirí a tháinig chun an bhaile sa bhliain 2013.<br>(ii) Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a bhféadfadh gnólachtaí áitiúla na Coirre Báine iad féin a chur chun cinn. | | | 1 | 2 |

| **Roinn B** | **Cás-Staidéar** | **30 marc** | Don Oifig Amháin | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 1 | 2 |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | **12 marc** | | |

**C.3**

(i) Mínigh conas is féidir le coiste féile na Coirre Báine a chinntiú go mbeidh éifeacht lena gcuid cruinnithe.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar na modhanna a bhféadfadh baill de choiste féile na Coirre Báine leas a bhaint astu chun réiteach a fháil ar an gcoimhlint a d'éirigh eatarthu.

| | | |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

| | | |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| **12 marc** | | |

| **Roinn C** | **Ceisteanna Ginearálta** | **100 marc** |
|---|---|---|
| | Freagair **ceithre** cheist | |

**INNÉACS AGUS ACHOIMRE**

Tá sé cheist ar 25 marc an ceann i Roinn C agus ba chóir duit **ceithre cinn ar bith** a fhreagairt. Chun cuidiú leat na ceisteanna a roghnú agus a aimsiú lena bhfreagairt, is é seo a leanas téacs na gceisteanna ar fad agus réimse uimhreacha na leathanach do gach ceann díobh. Freagair do rogha ceisteanna ar na leathanaigh chuí ina dhiaidh seo sa leabhrán seo.

**C.1 Tá buneolas ar thaighde agus ar phleanáil le fáil san Fhiosrú Gairme**. **Lgh**. **14 - 16**

(a) Ainmnigh an ghairm atá fiosraithe agat mar chuid de Nascmhodúil Ghairmchlár na hArdteistiméireachta.

(b) Mar chuid den fhiosrú gairme a rinne tú, chuir tú agallamh ar dhuine atá ag obair i réimse na gairme sin. Mínigh conas a d'ullmhaigh tú i gcomhair an agallaimh sin.

(c) Luaigh **trí** thréith/scil atá ábhartha don ghairm sin. Mínigh na cúiseanna a bhfuil na tréithe/scileanna sin ábhartha don ghairm sin.

(d) Déan measúnú ar na modhanna éagsúla a d'úsáid tú i d'Fhiosrú Gairme.

**C.2 Is taithí luachmhar foghlama é do dhaltaí Ghairmchlár na hArdteistiméireachta cuairt a thabhairt ar ghnólacht áitiúil**. **Lgh**. **17 - 19**

(a) Ainmnigh an gnólacht ar thug rang Ghairmchlár na hArdteistiméireachta agatsa cuairt air. Tabhair breac-chuntas ar an gcineál oibre a dhéanann an gnólacht sin.

(b) Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí atá ann do rang Ghairmchlár na hArdteistiméireachta as cuairt a thabhairt ar ghnólacht áitiúil.

(c) Ainmnigh **trí** ábhar Ardteistiméireachta, seachas na Nascmhodúil, a bhfuil staidéar á dhéanamh agat orthu. Mínigh conas a chabhraigh **gach** ceann de na hábhair sin leat nuair a bhí an chuairt sin á heagrú agus á pleanáil agat.

(d) Déan cur síos ar na céimeanna is féidir le húinéir/bainisteoir gnólachta a thabhairt chun a chinntiú go n-éireoidh go maith le cuairt dhaltaí Ghairmchlár na hArdteistiméireachta.

**C.3 Is cuid de shaol oibre an lae inniu iad an Bhreisoiliúint**, **JobBridge agus Obair Foirne**. **Lgh 20 - 22**

(a) Mínigh a bhfuil i gceist leis an téarma 'Breisoiliúint'

(b) Tabhair breac-chuntas ar na cúiseanna a bhfuil sé tábhachtach d'oibrí a bheith páirteach sa bhreisoiliúint.

(c) 'Tugann JobBridge, an Scéim Náisiúnta Intéirneachta, deiseanna do dhaoine dífhostaithe taithí oibre a fháil.'
Mínigh na buntáistí a bhaineann le scéim 'JobBridge' do dhuine atá ar thóir oibre.

(d) Déan cur síos ar na slite ar féidir le fostóir a chinntiú go bhfeidhmíonn an obair foirne go héifeachtach ina (h)eagraíocht féin.

**C.4 Ta sé beartaithe ag rang Ghairmchlár na hArdteistiméireachta agatsa mionchuideachta a reáchtáil chun gabhdáin do photaí plandaí a dhéanamh**. **Lgh 23 - 25**

(a) Leag amach an clár oibre don chéad chruinniú a thionólfar chun an ghníomhaíocht sin a phleanáil.

(b) Cabhróidh Plean Gníomhaíochta lena chinntiú go n-éireoidh leis an ngníomhaíocht sin.
Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí a bhaineann le Plean Gníomhaíochta don ghníomhaíocht sin.

(c) Sainaithin na hacmhainní a bhfuil gá leo chun an ghníomhaíocht sin a reáchtáil agus tabhair breac-chuntas ar an bhfáth a bhfuil gá le **gach** ceann de na hacmhainní sin.

(d) Mínigh an téarma 'aiseolas'. Agus tú ag tagairt do ghníomhaíocht fiontraíochta, mínigh an cineál aiseolais a bhféadfá a bheith ag súil lena fháil.

**C.5 Déanann grúpaí/eagraíochtaí deonacha obair thábhachtach i bpobail áitiúla**. **Lgh 26 - 28**

(a) Ainmnigh grúpa/eagraíocht dheonach atá ag feidhmiú i do cheantar féin. Tabhair breac-chuntas ar an gcineál oibre a dhéanann an grúpa/eagraíocht dheonach sin.

(b) Tá duine óg ag iarraidh páirt a ghlacadh in obair dheonach. Tabhair breac-chuntas ar na tosca is gá a chur san áireamh nuair a bhíonn eagraíocht á roghnú chun obair dheonach a dhéanamh léi.

(c) (i) Ba chóir do ghrúpaí/eagraíochtaí deonacha anailís LLDB (SWOT i mBéarla) a dhéanamh. Mínigh cén fáth a mbaineann grúpaí/eagraíochtaí deonacha tairbhe as anailís LLDB.
(ii) Déan anailís LLDB don ghrúpa/eagraíocht dheonach a luaigh tú i gcuid (a).

(d) (i) Déan cur síos ar **dhá** shlí ar féidir le gnólacht áitiúil tacú le grúpa/eagraíocht dheonach ina phobal féin.
(ii) Déan anailís ar na cúiseanna a mbeadh gnólacht ag tacú le grúpa/eagraíocht dheonach áitiúil.

**C.6 Fiontraíocht** **Lgh 29 - 31**

(a) Luaigh agus mínigh **ceithre** thréith phearsanta a bhíonn ag fiontraí.

(b) Déan plé ar **thrí** shlí a ndéanann fiontraithe tairbhe don tsochaí.

(c) Déan cur síos ar **thrí** fhadhb a d'fhéadfadh a bheith le sárú ag fiontraí nuair a bhíonn gnólacht á thosú aige/aici den chéad uair.

(d) Mínigh an difríocht idir ról an fhiontraí agus ról an bhainisteora i ngnólacht.

| Roinn C | Ceisteanna Ginearálta | 100 marc | Don Oifig Amháin | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 1 | 2 |
| **C.1** | **Tá buneolas ar thaighde agus ar phleanáil le fáil san Fhiosrú Gairme**. | | | |
| (a) | Ainmnigh an ghairm atá fiosraithe agat mar chuid de Nascmhodúil Ghairmchlár na hArdteistiméireachta. | | | |
| | | | | |
| | | **1 mharc** | | |
| (b) | Mar chuid den fhiosrú gairme a rinne tú, chuir tú agallamh ar dhuine atá ag obair i réimse na gairme sin. Mínigh conas a d’ullmhaigh tú i gcomhair an agallaimh sin. | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | **6 mharc** | | |

| | | |
|---|---|---|
| (c) Luaigh **trí** thréith/scil atá ábhartha don ghairm sin. Mínigh na cúiseanna a bhfuil na tréithe/scileanna sin ábhartha don ghairm sin. | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| **9 marc** | | |

(d) Déan measúnú ar na modhanna éagsúla a d’úsáid tú i d’ Fhiosrú Gairme.

**9 marc**

| **Roinn C** **Ceisteanna Ginearálta** **100 marc** | Don Oifig Amháin | |
|---|---|---|
| **C.2 Is taithí luachmhar foghlama é do dhaltaí Ghairmchlár na hArdteistiméireachta cuairt a thabhairt ar ghnólacht áitiúil**. | 1 | 2 |
| (a) Ainmnigh an gnólacht ar thug rang Ghairmchlár na hArdteistiméireachta agatsa cuairt air. Tabhair breac-chuntas ar an gcineál oibre a dhéanann an gnólacht sin. | | |
| | | |
| | | |
| **2 mharc** | | |
| (b) Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí atá ann do rang Ghairmchlár na hArdteistiméireachta as cuairt a thabhairt ar ghnólacht áitiúil. | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| **6 mharc** | | |

| | | |
|---|---|---|
| (c) Ainmnigh **trí** ábhar Ardteistiméireachta, seachas na Nascmhodúil, a bhfuil staidéar á dhéanamh agat orthu. Mínigh conas a chabhraigh **gach** ceann de na hábhair sin leat nuair a bhí an chuairt sin á heagrú agus á pleanáil agat. | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| **9 marc** | | |

| | | |
|---|---|---|
| (d) Déan cur síos ar na céimeanna is féidir le húinéir/bainisteoir gnólachta a thabhairt chun a chinntiú go n-éireoidh go maith le cuairt dhaltaí Ghairmchlár na hArdteistiméireachta. | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| **8 marc** | | |

| Roinn C | Ceisteanna Ginearálta | 100 marc | Don Oifig Amháin | |
|---|---|---|---|---|
| **C.3** | **Is cuid de shaol oibre an lae inniu iad an Bhreisoiliúint**, **JobBridge agus Obair Foirne**. | | 1 | 2 |
| (a) | Mínigh a bhfuil i gceist leis an téarma 'Breisoiliúint'. | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | **2 mharc** | | |
| (b) | Tabhair breac-chuntas ar na cúiseanna a bhfuil se tábhachtach d'oibrí a bheith páirteach sa bhreisoiliúint. | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | **6 marc** | | |

| | | |
|---|---|---|
| (c) 'Tugann JobBridge, an Scéim Náisiúnta Intéirneachta, deiseanna do dhaoine dífhostaithe taithí oibre a fháil.'<br>Mínigh na buntáistí a bhaineann le scéim 'JobBridge' do dhuine atá ar thóir oibre. | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| **8 marc** | | |

| | | |
|---|---|---|
| (d) Déan cur síos ar na slite ar féidir le fostóir a chinntiú go bhfeidhmíonn an obair foirne go héifeachtach ina (h)eagraíocht féin. | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| **9 marc** | | |

| **Roinn C** | **Ceisteanna Ginearálta** | **100 marc** | Don Oifig Amháin | |
|---|---|---|---|---|
| **C.4** | **Ta sé beartaithe ag rang Ghairmchlár na hArdteistiméireachta agatsa mionchuideachta a reáchtáil chun gabhdáin do photaí plandaí a dhéanamh**. | | 1 | 2 |
| (a) | Leag amach an clár oibre don chéad chruinniú a thionólfar chun an ghníomhaíocht sin a phleanáil. | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | **6 mharc** | | |
| (b) | Cabhróidh Plean Gníomhaíochta lena chinntiú go n-éireoidh leis an ngníomhaíocht sin. Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí a bhaineann le Plean Gníomhaíochta a bheith ann don ghníomhaíocht sin. | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | **4 mharc** | | |

(c) Sainaithin na hacmhainní a bhfuil gá leo chun an ghníomhaíocht sin a reáchtáil agus tabhair breac-chuntas ar an bhfáth go bhfuil gá le **gach** ceann de na hacmhainní sin.

**6 mharc**

(d) Mínigh an téarma ‘aiseolas’. Agus tú ag tagairt do ghníomhaíocht fiontraíochta, mínigh an cineál aiseolais a bhféadfá a bheith ag súil lena fháil.

**9 marc**

| Roinn C | Ceisteanna Ginearálta | 100 marc | Don Oifig Amháin | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 1 | 2 |
| **C.5** | **Déanann grúpaí/eagraíochtaí deonacha obair thábhachtach i bpobail áitiúla**. | | | |
| (a) | Ainmnigh grúpa/eagraíocht dheonach atá ag feidhmiú i do cheantar féin. Tabhair breac-chuntas ar an gcineál oibre a dhéanann an grúpa/eagraíocht dheonach sin. | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | **3 mharc** | | |
| (b) | Tá duine óg ag iarraidh páirt a ghlacadh in obair dheonach. Tabhair breac-chuntas ar na tosca is gá a chur san áireamh agus eagraíocht dheonach á roghnú aige/aici. | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | **4 mharc** | | |

| | | |
|---|---|---|
| (c) (i) Ba chóir do ghrúpaí/eagraíochtaí deonacha anailís LLDB (SWOT i mBéarla) a dhéanamh. Mínigh cén fáth a mbaineann grúpaí/eagraíochtaí deonacha tairbhe as anailís LLDB.<br>(ii) Déan anailís LLDB don ghrúpa/eagraíocht dheonach a luaigh tú i gcuid (a). | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| **10 marc** | | |

| | | |
|---|---|---|
| (d) (i) Déan cur síos ar **dhá** shlí ar féidir le gnólacht áitiúil tacú le grúpa/eagraíocht dheonach ina phobal féin.<br>(ii) Déan anailís ar na cúiseanna a mbeadh gnólacht tacú le grúpa/eagraíocht dheonach áitiúil. | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| **8 marc** | | |

| Roinn C | Ceisteanna Ginearálta | 100 marc | Don Oifig Amháin | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 1 | 2 |

**C.6 Fiontraíocht**

(a) Luaigh agus mínigh **cheithre** thréith phearsanta a bhíonn ag fiontraí.

**4 mharc**

(b) Déan plé ar **thrí** shlí a ndéanann fiontraithe tairbhe don tsochaí.

**6 mharc**

(c) Déan cur síos ar **thrí** fhadhb a d'fhéadfadh a bheith le sárú ag fiontraí nuair a bhíonn gnólacht á thosú aige/aici den chéad uair.

**9 marc**

(d) Mínigh an difríocht idir ról an fhiontraí agus ról an bhainisteora i ngnólacht.

**6 mharc**

# Don Scrúdaitheoir Amháin
# An Páipéar Scríofa

| | Marcanna a Bronnadh |
|---|---|
| **Roinn A** | |
| **Roinn B** | |
| **Roinn C** | |
| **C.1** | |
| **C.2** | |
| **C.3** | |
| **C.4** | |
| **C.5** | |
| **C.6** | |
| **Iomlán** | |

| Scrúduimhir. |
|---|
| |

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Suim na n-iomlán bun leathanaigh. | |
| 2. | Móriomlán na (g)ceiste(anna) a dícheadaíodh. | |
| 3. | An tOllmharc a bronnadh (1 lúide 2). | |
| 4. | Bónas don fhreagairt trí mheán na Gaeilge. | |
| 5. | An Marc móriomlán (3 + 4). | |

---

# Measúnú an Fhillteáin

| | Marcanna a Bronnadh |
|---|---|
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| **6** | |
| **7** | |
| **8** | |
| **Iomlán** | |

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Iomlán na marcanna. | |
| 2. | Móriomlán na míreanna a dícheadaíodh. | |
| 3. | An tOllmharc a bronnadh (1 lúide 2). | |